Cuid a 4 Ailtireacht Dhúchasach

Is é an teach le stór amháin, “Teach Fada Dhún na nGall”, an t-áitreabh is coitianta agus is so-aitheanta i nDún na nGall. Mar a bheidh luaite againn sa chuid eile den treoir seo, tá ceachtanna tábhachtacha le foghlaim againn ón déanamh seo d’ailtearachta a bhí úsáidte fosta in áitribh stór go leith agus dhá stór, is é sin an cineál forbraíochta is oiriúnaí i dtírdhreach Dhún na nGall.

Gnéithe Tréitheacha*

- Gan dearadh nó plean foirmeálta
- Forbairt líneach, dronuilleach
- Scála réasúnta
- Plean urláir cúng, teoranta ag an díon go 6m
- Ballaí tiubha le ualach trom forbortha orthu
- Simléir dlútha daingean tógtha ar na beanna nó ar fhad hais an dín de réir mar a cuireadh seomraí eile leis an teach
- An doras tosaigh ag oscailt díreach isteach sa chistin
- Suíomh an teallaigh ag binn an tí
- Na doirse agus na fuinneoga ar chúl nó ar aghaidh an tí, gan iad choíche ar na beanna
- Ballaí arda domhain le hoscailtí folúis a sheachaint
- Oscailtí fuinneoga agus doirse neamhshiméadrach agus i gcoibhneas beag
- Seomraí úra agus bóithighn curtha amach le taoibh na n-áitribh, a ndéanamh fada, mar sin an teach fada nó an “longhouse”
- Díon ardaithe le fána idir 35-50 céim
- Póirsí nó ballaí fothana curtha leo
- Ballaí inmheánacha ag dul suas fhad le barr an dín le meáchan mór a ghlacadh

*Faighte as “The Disappearing Irish Cottage-A Case Study of North Donegal”, *Clive Symmons & Séamus Harkin.*

Féiniúlacht átiúil agus réigiúnach

Bhí difríochtaí suntasacha sna tithe dúchasacha ó réigiún go réigiún macasamhail píosaí ag gobadh amach, binsí cloiche, doirse painéalta péinteáilte agus leathdhoirse.

Gné thábhachtach amháin dóibh seo is ea an "cailleach", píosa dronuilleogach ag gobadh amach ar chúl an tí agus an phríomhdhíon á chlúdach. Bhaintí úsáid as seo le haghaidh leapa, de ghnáth do don mhuintir a ba shine sa teach, agus é suite cóngarach den teallach agus den teas.

Gné eile, go háirithe i dtuaisceart Dhún na nGall, ab é an bóitheach a tógadh d'aonghnó ar thalamh ard le doras ardaithe ar chúl an bhóithigh ar airde céanna leis an talamh (le féar a choinneáil don t-eallach a bhí ar íochtar). Bhí díonta níos airde ar na bóithigh seo ná a bhí ar an teach féin agus bhí na daoine ábalta dhul suas na céimeanna ar thaobh amuigh d'aghaidh an bhóithigh le dhul isteach ann.

Bhí fo-fhoirgnimh eile tógtha le leagan amach clós cúirte, dronuilleach nó comhthreomhar leis an teach.

Ábhair

Bhí tithe cónaithe dúchasacha tógtha le hábhair áitiúla. Créafóg agus cloch, adhmad portaigh, sclátaí, féar, fóid, feagacha agus cochán don tuí. De bhrí go raibh ceangal láidir idir an teach agus an tírdhreach, chuir an foirgneamh beag agus an tírdhreach ar a raibh sé suite le chéile go deas gan stró ar bith.

Baineadh úsáid as sclátaí gearrtha áitiúla níos moille in áit an tuí agus is gnéithe spéisiúla áitiúla agus réigiúnach na díonta seo. Is Scláta Roisín ceann de na cineálacha scáltaí aitiúla seo a chuireann le cuma aestéitice tuathúil daite na ndíonta dúchasacha. De bharr a thiúis, na méideanna difriúla agus na dathanna éagsúla, tá díon de Scláta Roisín so-aitheanta láithreach.

Bagairtí

Tá muiid ag cailleadh ár n-áitribh dúchasacha ag ráta scanrúil de bharr scartála, neamairt agus a ngnéithe tréitheacha (tuí, sclátaí áitiúla srl.) a dtabhairt ar shiúl agus a n-aistriú.

Tá cosaint agus athúsáid na n-áitreabh seo indéanta agus inmhianaithe. Tá sé de dhualgas orainn a chinntiú go bhfanfaidh siad mar bhunchuid dár dtírdhreach beo bríomhar, agus é mar chuimhne luachmhar ar am atá thart.

Is socmhainn luachmhara na háitribh dúchasacha seo, agus bheadh a gcailliúint infhuascailte. Tá siad pléisiúrtha ar aon dul, tógtha agus tagtha amach as an tírdhreach, slonn tógtha dár n-oidhreacht, nasc inbhreathnaitheach leis an am atá thart, tolacadh cultúratha agus áis turasóireacht le an-tóir air.

Tá sé mar chuspóir ag an Chomhairle leanúint ar aghaidh agus na háitribh seo a chaomhnú, a shábhail agus a chlárú agus an athúsáid ceart a ghríosad, agus ar an tslí sin ag cinntiú go ndéanfar caomhnú ar oidhreacht ailtireacht agus tréithe réigiúnacha an Chontae.